# Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

## Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Deireadh Fómhair 2025

# An Clár Ábhar

AN CLÁR ÁBHAR .......... 1

An Réamhrá .......... 3

MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE: EOLAS GINEARÁLTA .......... 4

Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe .......... 4

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích .......... 5

Tacaíocht réasúnta .......... 6

Cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha .......... 6

MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE SAN EACNAMAÍOCHT BHAILE .......... 7

An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: Teicstílí Cruthaitheacha .......... 9
Ullmhúchán .......... 9

Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha a chur i gcrích .......... 11
1. Próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm .......... 11
2. Scileanna teicstílí cruthaitheacha a thaispeáint .......... 12

Teicstílí Cruthaitheacha: Comhairle don scoláire .......... 14

Cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal gnóthachtála: Teicstílí Cruthaitheacha .......... 16

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2: TREOIR LE HAGHAIDH SCILEANNA LITEARTHACHTA BIA .......... 20

An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia .......... 22
Ullmhúchán an scoláire .......... 22
Ullmhúchán an mhúinteora .......... 22

Treoirlínte chun Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia .......... 23
1. Taighde, anailís agus pleanáil tosaigh .......... 23
2. Machnamh an scoláire .......... 24
3. Fianaise ar Fhoghlaim .......... 24

Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia: Comhairle don scoláire .......... 25

Cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal gnóthachtála: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia .......... 26
Na Gnéithe Cáilíochta .......... 26

Na chéad chéimeanna eile .......... 30

Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú....31
Aiseolas a úsáid....31

NAISC ÚSÁIDEACHA....32

AGUISÍN 1: CRUINNIÚ ATHBHREITHNITHE AR FHOGHLAIM AGUS AR MHEASÚNÚ ÁBHAIR....33

Forléargas....33

Treoir an Éascaitheora....34

Roimh an gcruinniú....34

I rith an chruinnithe....35

I ndiaidh an chruinnithe....36

AGUISÍN 2: ATHBHREITHNITHE AR FHOGHLAIM AGUS AR MHEASÚNÚ ÁBHAIR....37
Tuarascáil an Éascaitheora....37

## An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe:

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht churaclaim le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, atá ar fail ar Eacnamaíocht Bhaile | Curaclam ar Líne.

# Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Cuirtear i gcrích iad sa tréimhse a thugtar d'Eacnamaíocht Bhaile, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Is é cuspóir an mheasúnaithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Cé go bhfuil Measúnuithe Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach acu agus ba chóir iad a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta.

Breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar obair an scoláire a eascraíonn as an Measúnú Rangbhunaithe don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire ar Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tugann an scoláire faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe san Eacnamaíocht Bhaile. Déantar iad a mheas ar leibhéal comónta. Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile.

Cuirtear an chéad Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích sa Dara Bliain. Bíonn dhá rogha ag an scoláire agus ag an múinteoir le haghaidh an tionscadail Teicstílí Cruthaitheacha. Cuirtear an dara Measúnú Rangbhunaithe i gcrích sa Tríú Bliain agus tá nasc díreach aige leis an scrúdú ar scileanna bia praiticiúla. Tá an Measúnú Rangbhunaithe sin bunaithe ar threoir le haghaidh scileanna i dtuiscint ar bhia roghnaítear ó liosta treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain. Tarraingíonn an scoláire treoir faoi mhaoirseacht an mhúinteora ón liosta a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil. Úsáideann an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun taighde a dhéanamh, smaointe a ghiniúint agus réitigh fhéideartha don treoir a roghnaíodh a ghiniúint. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte seo, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na gcur chuige sa dá Mheasúnú Rangbhunaithe a shocrú go neamhspleách.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- a chinntiú go dtugtar *Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí* agus *Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- a chinntiú gurb é an scoláire féin a rinne na tionscadail a chuirtear i láthair do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- na treoirlínte do na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Tá tuilleadh eolais le fáil ar Measúnú agus Tuairisciú | CNCM.

## Tacaíocht réasúnta

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis. Má bhíonn níos mó ná mar a mheasfaí gur tacaíocht réasúnta í ag teastáil ón scoláire, is féidir leis an múinteoir nóta a dhéanamh den leibhéal cúnaimh a cuireadh ar fáil dó. Tá an leibhéal tionscnaíochta a léiríonn an scoláire ina ghné de na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le leibhéal gnóthachtála obair an scoláire a chinneadh.
D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag an CNCM a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na mheasúnuithe a éascú
- tacaíochtaí a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar a dtugtar breac-chuntas orthu thíos.

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheas ar Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Níl sé i gceist leis an leibhéal tacaíochta seo go mbeadh ar an múinteoir dréacht-tuairiscí a chur in eagar, freagraí eiseamláire a chur ar fáil ná saothar teicstíle an scoláire a athrú chun samplaí foirfe a sholáthar lena n-úsáid i bhfianaise an scoláire ar fhoghlaim.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha

Éascaíonn an scoil cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Measúnuithe Rangbhunaithe san Eacnamaíocht Bhaile

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe san Eacnamaíocht Bhaile. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad le torthaí foghlama agus tugann na scoláirí fúthu laistigh de thréimhse ama faoi mhaoirsiú an mhúinteora ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an t-amchlár sin le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil ar bhonn bliantúil ag An tSraith Shoisearach | CNCM agus ag An tSraith Shoisearach | Curaclam ar Líne Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh na scoláirí scrúdú ar Scileanna Bia Praiticiúla i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú deiridh in Eacnamaíocht Bhaile. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh na hEacnamaíochta Baile agus an sceideal táscach i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1 Measúnuithe Rangbhunaithe don Eacnamaíocht Bhaile**

| **Measúnú Rangbhunaithe** | **Fianaise ar fhoghlaim** |
|---|---|
| Teicstílí Cruthaitheacha | Is tionscadal do dhuine aonair é seo. Soláthróidh an scoláire fianaise gur cuireadh próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm ar cheann de na roghanna seo a leanas:<br><br>Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach<br><br>**Nó**<br><br>Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach |
| Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia | Is aighneacht ó dhuine aonair é seo. Úsáidfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun taighde a dhéanamh, smaointe a ghiniúint agus réitigh fhéideartha don treoir a roghnaíodh a ghiniúint dá threoir le haghaidh scileanna litearthachta bia a tharraingítear as liosta treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit |

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha

Tugann Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha deis don scoláire a scileanna praiticiúla teicstíle agus ceardaíochta a thaispeáint ar bhealach cruthaitheach. Tugann sé deis freisin tabhairt go gníomhach faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Tá scileanna teicstíle agus ceardaíochta ina ndlúthchuid den Mheasúnú Rangbhunaithe seo agus tá scileanna fuála ceardaíochta de lámh agus ar inneall fuála i gceist leo. Cuirfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm chun earra teicstíle a dhéanamh/a athchúrsáil do dhuine nó don bhaile. Tabharfar aird chuí ar bhunriachtanais dhaonna, treochtaí tomhaltóirí, ceisteanna éiceolaíochta agus an teicneolaíocht. Tríd an Measúnú Rangbhunaithe seo, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus mar sin de bainfidh sé amach go leor de na torthaí foghlama ar fud Shnáitheanna 2 agus 3 i sonraíocht eacnamaíocht bhaile na sraithe sóisearaí.

*Chun críche na dtorthaí foghlama agus an mheasúnaithe sa tsonraíocht eacnamaíocht bhaile, cuimsíonn an téarma 'earra teicstíle' gach cineál ceardaíochta do dhuine agus don bhaile atá bunaithe ar theicstílí.*

Tugtar dhá rogha don scoláire as a roghnóidh sé tionscadal Teicstílí Cruthaitheacha amháin:

1. Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

   **Nó**

2. Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach


Mar chuid den tionscadal Teicstílí Cruthaitheacha, léireoidh an scoláire fianaise ar:

- próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm
- prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm
- teicnící bunúsacha fuála de lámh agus/nó ar inneall fuála a úsáid chun an táirge a dhéanamh
- teicnící maisithe fabraice (más cuí)
- cúram agus cothabháil chuí teicstílí.

Cuirtear Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha i gcrích sa dara bliain. Braithfidh an dáta a gcuirfear Teicstílí Cruthaitheacha i gcrích ar an scoil agus, laistigh den scoil, ar an múinteoir. Tugtar an tsolúbthacht seo ionas gur féidir acmhainní ar nós sainseomraí a phleanáil, a eagrú agus a roinnt.

# An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: Teicstílí Cruthaitheacha

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo ná treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích.




## Ullmhúchán

### Ullmhúchán an scoláire

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na snáithe staidéir: Saol Teaghlaigh Freagrach, agus Teicstílí agus Ceardaíocht, chun tabhairt faoina thionscadal Teicstílí Cruthaitheacha roghnaithe. Tugann an scoláire faoin Measúnú Rangbhunaithe seo i rith an Dara Bliain thar ocht go deich seachtaine ag brath ar an bhfáil atá aige ar acmhainní cuí agus sonracha. Ba chóir an obair a tháirgeadh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ábhair. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama d'Eacnamaíocht Bhaile, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna, eolas agus cruthaitheacht teicstílí agus ceardaíochta a fhorbairt. Ba chóir go gcuirfí ar a chumas freisin cinntí inbhuanaithe a dhéanamh sula gcuirtear an Measúnú Rangbhunaithe i gcrích. Ón tús ar fad, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

### Ullmhúchán an mhúinteora

Caithfidh pleanáil cláir an mhúinteora eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: Teicstílí Cruthaitheacha i gcrích, ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh. De bharr nádúr an ábhair agus an

gá atá le hacmhainní cuí agus sonracha a úsáid, féadfar cuir chuige chun Teicstílí Cruthaitheacha a chur i gcrích a chinneadh ar leibhéal na scoile.

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar Eacnamaíocht Bhaile | Curriculum Online:

- Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
- Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach (Measúnú agus Tuairisciú | NCCA).

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha a chur i gcrích

Ullmhúchán → **An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích** → An leibhéal gnóthachtála a chinneadh → Na chéad chéimeanna eile

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, tabharfaidh an scoláire go praiticiúil agus go cruthaitheach faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh chun earra teicstíle a dhéanamh do dhuine nó don bhaile. Beidh dhá rogha ag an scoláire:

- Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

  **Nó**
- Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach.

Tabharfaidh an scoláire faoi dhá réimse gníomhaíochta, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

1. Próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm
2. Scileanna teicstílí cruthaitheacha a thaispeáint

### 1. Próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm

Ba cheart fianaise ar phróiseas na treorach dearaidh a chur isteach agus an fhaisnéis seo a leanas ann:

- ráiteas na treorach roghnaithe
- cúinsí le meas nuair atá réiteach féideartha á roghnú, a áiríonn prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta
- iniúchadh ar dhá réiteach fhéideartha (féadfar iad a sceitseáil)
- réiteach roghnaithe: dearaí/sceitseanna/líníochtaí cruthaitheacha den earra ceardaíochta/teicstíle
- dhá chúis don rogha
- liosta acmhainní a theastóidh ón scoláire chun an treoir a chur i gcrích
- sreabhchairt/plean oibre, ina dtugtar breac-chuntas ar na céimeanna a bheartaíonn an scoláire a dhéanamh sa phróiseas agus an t-ord ina ndéanfar iad

- lipéad cúraim teicstíle:
    - Ba cheart go dtabharfadh an lipéad cúraim léiriú ar an bhfabraic a úsáideadh san earra teicstíle agus ba cheart go mbeadh na siombailí cuí cúraim don níochán, triomú, iarnáil, agus aon treoracha láimhseála faoi leith san áireamh.
    - Ba cheart go gcruthófaí go cruinn an lipéad agus go léireofaí é mar lipéad fisiciúil atá ceangailte leis an earra, mar lipéad ar leith, nó mar chuid den treoir dhearaidh, ag baint úsáid as an bhformáid is fearr a léiríonn tuiscint an scoláire (m.sh., lipéad tarraingthe, grianghraf de lipéad, nó lipéad cruthaithe go digiteach).
- ba chóir don scoláire machnamh gearr a chur isteach, a thaispeánann an chaoi a ndearna an scoláire measúnú ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Ba chóir go n-áireofaí ann:
    - meastóireacht ar chaighdeán agus ar bhailchríoch an earra teicstíle, agus ar cé chomh maith agus a chloíonn sé leis an treoir
    - machnamh ar an méid ar éirigh go maith leis agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn i rith phróiseas na treorach le haghaidh dearadh
    - conclúidí .i. dá mbeinn ag tabhairt faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh arís agus/nó dá mbeinn ag déanamh/ag athchúrsáil earra teicstíle arís, céard a dhéanfainn ar bhealach eile?

## 2. Scileanna teicstílí cruthaitheacha a thaispeáint

Ba chóir go gcomhlíonfadh an t-earra teicstíle cruthaithí an treoir. Ba chóir don scoláire fianaise a thaispeáint ar:

- réimse greamanna bunúsacha agus/nó teicnící bunúsacha fuála de lámh agus/nó ar inneall fuála a úsáid chun an táirge a dhéanamh
- teicnící maisithe/cruthaithe uigeachta fabraice (más cuí)
- lipéad cúraim teicstíle curtha leis.

### Fianaise ar fhoghlaim

Cuirfidh na scoláirí earra teicstíle isteach i dteannta fianaise gur cuireadh próiseas na treorach dearaidh i bhfeidhm, an lipéad cúraim teicstíle san áireamh. Ba cheart go dtabharfaí cuntas gonta san fhianaise ar phróiseas na treorach dearaidh a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an múinteoir measúnú ar an Measúnú Rangbhunaithe leis na Gnéithe Cáilíochta a leagtar amach sa treoir seo (féach lgh. 18-19).

Is féidir an fhianaise ar fhoghlaim do phróiseas na treorach dearaidh agus an machnamh a chur i láthair i roinnt formáidí, rud a ligeann do scoláirí a gcuid saothar a chur in iúl ar bhealach is fearr a oireann dá gcuid scileanna agus stíleanna foghlama. Féadfaidh scoláirí léirithe amhairc, ó bhéal, digiteacha nó fisiciúla a chuimsiú chun a bpróiseas dearaidh agus a gcuid machnamh a thaispeáint. I measc samplaí d'fhianaise ilmhódach tá:

- Formáidí amhairc – Sceitsí anótáilte, léaráidí, meabhairmhapaí, nó grianghraif ina léirítear príomhchéimeanna forbartha an earra teicstíle.
- Formáidí ó bhéal – Taifeadtaí gutha nó mínithe físe ar roghanna dearaidh, roghnú ábhair, nó ceisteanna inbhuanaitheachta.
- Formáidí digiteacha – Ríomhphunanna, blaganna, taispeántais sleamhnán, nó gearrfhíseán ina dtugtar léiriú céim ar chéim ar a bpróiseas cruthaitheach.
- Léirithe fisiciúla – Léirithe taifeadta céim ar chéim de theicnící faoi leith teicstíle a úsáideadh i ndéanamh a n-earra.

## Teicstílí Cruthaitheacha: Comhairle don scoláire

- Tabharfaidh do mhúinteoir tacaíocht don ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe seo
- Bain úsáid as do stuaim féin chun d'earra teicstíle cruthaithí a roghnú agus a chruthú
- Bí cinnte go dtuigeann tú na Gnéithe Cáilíochta agus pléigh na Gnéithe Cáilíochta le do mhúinteoir agus le do chomhscoláirí
- Roghnaigh earra teicstíle cruthaithí a bheidh tú in ann a chríochnú san am a thugtar
- Roghnaigh earra teicstíle a oirfidh do do leibhéal scile agus déan cleachtadh ar do scileanna ceardaíochta/teicstíle sula gcuireann tú tús leis an earra atá le cur i láthair mar do Mheasúnú Rangbhunaithe.

**Pleanáil agus Próiseas na Treorach Dearaidh**

- Bí cinnte go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas i bpróiseas na treorach le haghaidh dearadh:
  - Ráiteas do threorach roghnaithe
  - Cúinsí le meas nuair atá do réiteach féideartha á roghnú
  - Iniúchadh ar dhá réiteach fhéideartha (féadfar iad a sceitseáil)
  - Réiteach roghnaithe: dearaí/sceitseanna/líníochtaí cruthaitheacha den earra ceardaíochta/teicstíle
  - Dhá chúis do do rogha
  - Liosta acmhainní a theastóidh uait chun an treoir a chur i gcrích
  - Sreabhchairt/plean oibre, ina dtugtar breac-chuntas ar na céimeanna a bheartaíonn tú a dhéanamh sa phróiseas agus an t-ord ina ndéanfar iad.
  - Lipéad cúraim teicstíle: Is gá duit lipéad teicstíle soiléir agus cruinn a chruthú do d'earra. Ba cheart go gcuirfí an méid seo a leanas san áireamh ann:
    - Cineál agus saintréithe na fabraice
    - Siombailí cuí cúraim (m.sh., treoracha níocháin, triomaithe, iarnála)
    - Aon mholtaí sainchúraim
    - Is féidir an lipéad a cheangal go fisiciúil, a chur i láthair mar lipéad ar leith, nó a leagan isteach mar chuid den treoir dhearaidh.

**Meastóireacht a Dhéanamh ar Do Shaothar**

- Ba chóir machnamh gearr an scoláire a chur isteach, a thaispeánann an chaoi a ndearna tú measúnú ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Ba chóir go n-áireofaí ann:
    - Measúnú ar an earra teicstíle
    - Machnamh ar ar éirigh go maith leis agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn i rith phróiseas na treorach le haghaidh dearadh
    - Conclúidí .i. dá mbeinn ag tabhairt faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh arís agus/nó dá mbeinn ag déanamh/ag athchúrsáil earra teicstíle arís, céard a dhéanfainn ar bhealach eile?

**Machnamh Leanúnach agus Dea-Chleachtas**

- Lean próiseas na treorach dearaidh ón tús ar fad nuair a thugann tú faoin Measúnú Rangbhunaithe.
- Déan machnamh ar d'obair féin go leanúnach; sainaithin an méid a rinne tú go maith agus an méid atá le feabhsú agat maidir le próiseas na treorach dearaidh agus an t-earra teicstíle.
- Cuimhnigh ar an bhformáid is fearr a oirfidh duit chun d'fhoghlaim a thaispeáint (m.sh., machnaimh ó bhéal, físeán treorach céim ar chéim, íomhánna anótáilte) nuair is iomchuí.

Féadfaidh tú comhoibriú le do chomhscoláirí i mbeirteanna nó i ngrúpaí nuair atá do Mheasúnú Rangbhunaithe á phleanáil agus á ullmhú. Tabhair faoi deara, áfach, gurb í d'fhianaise aonair féin – an aighneacht faoi phróiseas na treorach dearaidh agus an t-earra ceardaíochta/teicstíle – a úsáidfear mar fhianaise ar d'obair. Tuairisceofar an tuairisceoir a bhainfidh tú amach, bunaithe ar an bhfianaise sin, ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal gnóthachtála: Teicstílí Cruthaitheacha

Ullmhúchán → An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích → An leibhéal gnóthachtála a chinneadh → Na chéad chéimeanna eile

### Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Gnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na ceithre thuairisceoir gnóthachtála is fearr a oireann d’obair an scoláire: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais** go fóill le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i

gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar Eacnamaíocht Bhaile | Curaclam ar Líne le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar Eacnamaíocht Bhaile | Curaclam ar Líne

| Na Gnéithe Cáilíochta: Teicstílí Cruthaitheacha | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar. | • Tá úsáid na scileanna ceardaíochta/teicstíle ar chaighdeán an-ard ar fad. Tá an t-earra teicstíle dea-dhéanta, léiríonn sé sárcheardaíocht agus bailchríoch ar ardchaighdeán.<br>• Léiríonn an t-earra teicstíle leibhéal an-ard cruthaitheachta agus cuireann sé prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta i bhfeidhm go héifeachtach. Rinne an scoláire cinntí stuama agus úrnua maidir leis an dearadh agus chuimhnigh siad ar an gcaoi a mbaintear úsáid fhreagrach as ábhair.<br>• Cuireadh an lipéad cúraim teicstíle i gcrích ar chaighdeán an-ard ar fad agus tá treoir chruinn dea-léirithe leis maidir le cúram teicstíle ina dtugtar léiriú cruinn ar shaintréithe na fabraice a úsáideadh.<br>• Léiríonn próiseas na treorach dearaidh, an machnamh san áireamh, cinnteoireacht shoiléir dea-réasúnaithe le linn an phróisis agus déanann sé meastóireacht mhionsonraithe agus fhiúntach ar a saothar. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | • Tá úsáid na scileanna ceardaíochta/teicstíle ar ardchaighdeán. Tá an t-earra teicstíle dea-dhéanta, gan ach mionghnéithe a bhféadfaí iad a fheabhsú sa déanamh nó sa bhailchríoch.<br>• Léiríonn an t-earra teicstíle cruthaitheacht agus cuireann sé prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta i bhfeidhm go maith. Rinne an scoláire cinntí stuama maidir leis an dearadh agus chuimhnigh siad ar an gcaoi a mbaintear úsáid fhreagrach as ábhair.<br>• Tá an lipéad cúraim teicstíle cruinn den chuid is mó agus léirítear go cuí é le príomhshiombailí agus treoracha cúraim atá ábhartha don fhabraic a úsáideadh.<br>• Forbraíodh go maith próiseas na treorach dearaidh agus an machnamh agus léirítear dea-chinnteoireacht. Tugann an scoláire meastóireacht shoiléir ar a saothar. |

| | |
|---|---|
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó. | • Tá úsáid na scileanna ceardaíochta/teicstíle ar chaighdeán sásúil. Tá an t-earra teicstíle críochnaithe agus inúsáidte, cé go bhféadfadh roinnt fadhbanna bheith i gceist leis an déanamh, teicníc, nó bailchríoch.<br>• Léiríonn an t-earra teicstíle roinnt cruthaitheachta agus baineann sé roinnt úsáide as prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta. Chuir an scoláire gnéithe dearaidh san áireamh agus rinne siad iarracht éigin smaoineamh ar úsáid fhreagrach ábhair.<br>• Tá an lipéad cúraim teicstíle san áireamh agus tugann sé roinnt treoracha bunchúraim, cé go bhféadfadh roinnt sonraí bheith in easnamh nó míchruinn.<br>• Cuireadh próiseas na treorach dearaidh agus an machnamh i gcrích ar chaighdeán sásúil. Rinne an scoláire iarracht meastóireacht a dhéanamh ar a saothar, ach d'fhéadfadh sé nach ndearnadh forbairt iomlán ar roinnt gnéithe. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig siad a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | • Níl úsáid na scileanna ceardaíochta/teicstíle forbartha go hiomlán. D'fhéadfadh an t-earra teicstíle bheith neamhchríochnaithe, drochdhéanta, nó d'fhéadfadh mórfhadhbanna bailchríche a bheith i gceist leis.<br><br>• Is beag cruthaitheacht a léiríonn an t-earra teicstíle agus ní chuireann sé prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta i bhfeidhm go héifeachtach. Rinneadh iarracht theoranta gnéithe dearaidh a chur san áireamh nó smaoineamh ar úsáid ábhair.<br><br>• Tá earráidí suntasacha sa lipéad cúraim teicstíle nó ní ann dó, rud a léiríonn tuiscint theoranta ar chúram teicstíle.<br><br>• Níor forbraíodh go sásúil próiseas na treorach dearaidh agus an machnamh agus d'fhéadfaidís bheith easnamhach in áiteanna. |

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia

Tá nasc díreach ag Measúnú Rangbhunaithe 2 leis an scrúdú ar scileanna bia praiticiúla. Dá bhrí sin, tá sé bunaithe ar threoir amháin le haghaidh scileanna litearthachta bia a roghnaítear ó liosta treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa Tríú Bliain gach bliain. Úsáidfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun a chuid scileanna litearthachta bia, idir scileanna cistineacha agus cruthaitheacha chomh maith lena chuid eolais faoi chothú a thaispeáint trí thaighde, anailís agus pleanáil a dhéanamh i gcomhair riachtanais an ghnáthshaol.

Eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit na treoracha, agus d'fhéadfaí roghanna ó na réimsí leathana seo a leanas a áireamh iontu, i measc roghanna eile:

- béilí folláine don teaghlaigh a léiríonn na treoirlínte reatha maidir le bia sláintiúil;
- aiste bia speisialta nó galar a bhaineann le haiste bia;
- céim áirithe den tsaolré;
- lóin folláin ar scoil;
- béile sláintiúil a dhéantar sa bhaile seachas béile mearbhia a fhaightear i siopaí;
- cócaireacht sheiftiúil;
- fiontar bia/táirgí ó mhargadh feirmeoirí;
- cócaireacht eitneach.

Tarraingíonn an scoláire treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia faoi mhaoirseacht an mhúinteora de réir treoracha a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil. Úsáidfidh an scoláire an treoir mar bhunús a Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Leanfaidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh, tabharfaidh sé faoi thaighde, ginfidh sé smaointe agus scrúdóidh sé gach gné den treoir. Déanfaidh an scoláire taighde ar dhá réiteach fhéideartha chun riachtanais na treorach roghnaithe a chomhlíonadh.

Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, tabharfaidh an múinteoir agus a chomhscoláirí aiseolas don scoláire. Cabhróidh an t-aiseolas sin leis an scoláire a chur ar an eolas faoin méid a theastaíonn don ullmhúchán le haghaidh an scrúdaithe ar scileanna bia praiticiúla. Tá aiseolas riachtanach chun foghlaim a fheabhsú toisc go mbíonn tionchar aige ar spreagadh an scoláire chun foghlama agus ar a chumas foghlama. Ba chóir go n-áireofaí in aiseolas an mhúinteora a


insint don scoláire a ndearna sé go maith, a gcaithfidh sé a dhéanamh chun an obair a fheabhsú agus a sprioc ón treoir roghnaithe a chur i gcuimhne don scoláire.

Úsáidfidh an scoláire plé lena chomhscoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a obair féin agus chun aiseolas a thabhairt dá chomhscoláirí. Tarlaíonn plé le comhscoláirí nuair a chuireann scoláirí comhairle ar a chéile agus nuair a thugann siad aiseolas faoin obair, lena n-áirítear a ndearnadh go maith agus a bhféadfaí a dhéanamh chun an treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia a fheabhsú. Is éifeachtaí plé le comhscoláirí i dtimpeallacht thacúil agus mheasúil ina n-airíonn na scoláirí compórdach le chéile. Tá an deis machnaimh a chéile a roinnt úsáideach mar go bhforbraíonn an scoláire an teanga agus an cleachtas le haghaidh machnaimh.

Mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáidfidh an scoláire teicneolaíocht, nuair is cuí, chun taighde, anailísiú, pleanáil agus cur i láthair a dhéanamh ar a chuid torthaí.

## An próiseas chun Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia

Leagtar amach san fhíor thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.




### Ullmhúchán an scoláire

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar an dá shnáithe staidéir, Bia, Sláinte agus Scileanna Cistineacha, agus Saol Teaghlaigh Freagrach, chun tabhairt faoina Threoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama d'Eacnamaíocht Bhaile, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde a fhorbairt, chomh maith le deiseanna chun a obair féin, agus obair a chomhscoláirí, a phlé. Ón tús ar fad, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre sa réimse seo a mheas.

### Ullmhúchán an mhúinteora

Caithfidh pleanáil cláir an mhúinteora eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta. Mar ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar Eacnamaíocht Bhaile | Curriculum Online.

- Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
- Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach (Measúnú agus Tuairisciú | NCCA).

## Treoirlínte chun Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia

Ullmhúchán → **An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích** → An leibhéal gnóthachtála a chinneadh → Na chéad chéimeanna eile

I Measúnú Rangbhunaithe 2: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia, léireoidh an scoláire fianaise ar a thaighde bunaithe ar threoir roghnaithe le haghaidh scileanna litearthachta bia a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Déanfaidh an scoláire taifead ar an aiseolas a fhaigheann sé óna mhúinteoir agus óna chomhscoláirí freisin. Úsáidfidh sé an t-aiseolas sin chun machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre go dtí sin agus ar threo féideartha a scrúdaithe ar scileanna bia praiticiúla.

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le dhá réimse gníomhaíochta, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

- Taighde, anailís agus pleanáil tosaigh
- Machnamh an scoláire

### 1. Taighde, anailís agus pleanáil tosaigh

Tarraingeoidh an scoláire treoir ón liosta a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil faoi mhaoirseacht an mhúinteora mar bhunús do Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Úsáidfidh sé próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun smaointe agus réitigh fhéideartha dá threoir a ghiniúint. Ba chóir go mbeadh cuntas gearr scríofa sa bhreac-chuntas ar a réiteach beartaithe ar an eolas seo a leanas:

- ráiteas na treorach
- trí chúinse atá le meas nuair atá réiteach féideartha á roghnú
- dhá réiteach fhéideartha
- dhá fhoinse eolais
- an réiteach roghnaithe
- dhá chúis don rogha, a chuimsíonn gach gné den treoir
- fianaise ar an taighde a rinneadh.

## 2. Machnamh an scoláire

I ndiaidh tabhairt faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh, ba chóir don scoláire:

- achoimre a thabhairt ar an aiseolas a fuair sé óna mhúinteoir agus óna chomhscoláirí
- machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre i bhfianaise an aiseolais a fuair sé.

## 3. Fianaise ar Fhoghlaim

Cuirfidh an scoláire breac-chuntas i láthair ar a réiteach beartaithe ar an treoir le haghaidh an scrúdaithe ar scileanna bia praiticiúla. Ní mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an breac-chuntas ar a réiteach beartaithe ar an treoir, a chuirfear isteach le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Tabharfar breithiúnas ar an bhfianaise ar fhoghlaim a chuirtear isteach lena measúnú bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta ábhartha a leagtar amach sna treoirlínte seo.

## Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia: Comhairle don scoláire

- Tabharfaidh do mhúinteoir tacaíocht don ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe seo
- Bí cinnte go dtuigeann tú na Gnéithe Cáilíochta agus pléigh na Gnéithe Cáilíochta le do mhúinteoir agus le do chomhscoláirí
- Léigh an treoir go cúramach agus aibhsigh na príomhfhocail
- Déan taighde ar gach gné de do threoir agus taispeáin fianaise ar do chuid taighde
- Bí cinnte go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas i bpróiseas na treorach le haghaidh dearadh:
    - Ráiteas na treorach
    - Trí chúinse atá le meas nuair atá réiteach féideartha á roghnú
    - Dhá réiteach fhéideartha
    - Dhá fhoinse eolais
    - Do réiteach roghnaithe
    - Dhá chúis do do rogha
    - Fianaise ar an taighde a rinne tú.
- Cinntigh go gcuirtear biachláir i láthair mar bhiachláir
- Roghnaigh réiteach a bheidh tú in ann a chríochnú san am a thugtar don scrúdú ar scileanna praiticiúla
- Roghnaigh réiteach a thagann le do leibhéal cumais agus is fearr a léireoidh do scileanna
- Nuair atá na cúiseanna a roghnaigh tú an réiteach sin á lua agat, forbair do fhreagra trí thagairt do do threoir shonrach

Tuairisceofar an tuairisceoir a bhaineann tú amach, bunaithe ar d'aighneacht aonair féin, ar Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

## Cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal gnóthachtála: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia

Ullmhúchán → An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích → **An leibhéal gnóthachtála a chinneadh** → Na chéad chéimeanna eile

### Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Gnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na ceithre thuairisceoir gnóthachtála is fearr a oireann d'obair an scoláire: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais** go fóill le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a

bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar Eacnamaíocht Bhaile | Curriculum Online le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar Eacnamaíocht Bhaile | Curriculum Online

| Na Gnéithe Cáilíochta: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar. | • Cuirtear an breac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir seo i gcrích ar chaighdeán an-ard agus tá sé an-chuimsitheach. Léiríonn an réiteach beartaithe léirmhíniú an-mhaith ar gach gné den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia<br>• Tá an taighde agus an anailís bunaithe ar fhianaise agus cuirtear i gcrích iad ar chaighdeán an-ard<br>• Tugtar achoimre an-chuimsitheach i machnamh an scoláire ar an aiseolas a fuair sé agus tá sé le feiceáil i réiteach beartaithe an scoláire. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | • Cuirtear an breac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir seo i gcrích ar chaighdeán ard. Léiríonn an réiteach beartaithe léirmhíniú maith ar fhormhór na ngnéithe den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia, agus deis bheag ann chun é a fheabhsú<br>• Tá an taighde agus an anailís bunaithe ar fhianaise agus cuirtear i gcrích iad ar chaighdeán ard<br>• Tugtar achoimre chuimsitheach i machnamh an scoláire ar an aiseolas a fuair sé agus tá sé le feiceáil i réiteach beartaithe an scoláire. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br>Saothar ina léirítear formhór na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó. | • Cuirtear an breac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir seo i gcrích ar chaighdeán sásúil. Tugann an réiteach beartaithe léirmhíniú maith ar roinnt gnéithe den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia ach tá roinnt easnamh ann<br>• Cuirtear an taighde agus an anailís i gcrích ar chaighdeán sásúil<br>• Tugtar achoimre shásúil i machnamh an scoláire ar an aiseolas a fuair sé ach níl sé le feiceáil go hiomlán i réiteach beartaithe an scoláire. |

| | |
|---|---|
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig siad a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | • Tugtar achoimre bhunúsach ar fhaisnéis sa bhreac-chuntas ar réiteach beartaithe an scoláire ar an treoir. Tugann an réiteach beartaithe léirmhíniú teoranta ar go leor gnéithe den treoir le haghaidh scileanna litearthachta bia agus fágtar roinnt faisnéise ar lár<br>• Níl an taighde agus an anailís sásúil<br>• Tá an-teorainn le machnamh an scoláire. |

## Na chéad chéimeanna eile

Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Ullmhúchán → An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích → An leibhéal gnóthachtála a chinneadh → **Na chéad chéimeanna eile**

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar/taifeadfar samplaí de Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha agus de Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Treoir le haghaidh Scileanna Inniúlachta i gCúrsaí Bia de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Eagróidh na múinteoirí cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair i ndiaidh gach Measúnaithe Rangbhunaithe. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin. Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín (feic lch 32) agus ar líne ar Measúnú agus Tuairisciú | NCCA.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir eacnamaíocht bhaile amháin, mura bhfuil ach múinteoir eacnamaíocht bhaile amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir sin na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh chun comhordú leo. Is féidir leis an múinteoir agus a chomhghleacaithe dáta a phleanáil agus a chomhaontú don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir 'Neamhthuairiscithe' a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

### Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil do Measúnú Rangbhunaithe 1: Teicstílí Cruthaitheacha agus Measúnú Rangbhunaithe 2: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthacht Bia a úsáid le tacú le foghlaim an scoláire. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ar Measúnú agus Tuairisciú | NCCA.

### Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

### An scrúdú deiridh

Tá dhá chuid sa scrúdú deiridh: scrúdú ar scileanna bia praiticiúla (50% den scrúdú a ndéanfar measúnú seachtrach air) agus scrúdú scríofa (50% den scrúdú a ndéanfar measúnú seachtrach air). Ceapfaidh agus marcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an dá chuid go seachtrach. Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na treoracha le haghaidh scileanna litearthachta bia agus na treoracha don scrúdú ar scileanna bia praiticiúla gach bliain. Beidh eolas sna treoirlínte sin faoi na riachtanais ar fad don scrúdú ar scileanna bia praiticiúla.

## Naisc úsáideacha

- Creat don tSraith Shóisearach: Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar Creat don tSraith Shóisearach | Gov.ie.
- Measúnú sa tSraith Shóisearach: Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le measúnú sa tsraith shóisearach ar Measúnú agus Tuairisciú | CNCM.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit: Beidh na treoracha ar fad don scrúdú deiridh i dtreoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i rith an tríú bliain den tsraith shóisearach ar Coimisiún na Scrúduithe Stáit .
- Sonraíocht churaclaim d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Eacnamaíocht Bhaile | Curaclam ar Líne.

# Aguisín 1: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeáin agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

## Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige i gcabhrú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeáin agus ar ionchais ach a chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a roinnt. Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo, agus
- a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfaigheann scoláirí an t-aitheantas cuí ar a ngnóthachtáil de réir na gcaighdeán agus na n-ionchas.

Cuirfear am ar leataobh ón bhféilire scoile do na cruinnithe athbhreithnithe; tiocfaidh an t-am sin ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a dháiltear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun an cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- sonrach d'ábhar amháin
- thart ar dhá uair an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe

- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

## Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a sheal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a dtagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheas a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

## Roimh an gcruinniú

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a chuireann an scoláire a Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích, tabharfaidh an múinteoir faoi mheasúnú sealadach ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar an measúnú sealadach sin a athrú i bhfianaise an phlé a dhéantar sa chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a dteastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

## I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (Feic Aguisín 2). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba chóir aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláirí faoin gcaoi a bhféadfaidís a gcuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba chóir don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d'obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba chóir don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba chóir díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba chóir díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á dhearbhú ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann 'ar an iomlán' don obair atá á mheas a roghnú.

- Cé gur chóir am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.
- Más féidir, ba chóir dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais*, *Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.
- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d’obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

## I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha.

I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Dírítear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoir, más maith leis, roinnt d’obair a scoláirí a chur leis an taisce samplaí:

- Chun tacú le hionduchtúcháin múinteoirí nua
- Chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- Chun úsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

## Aguisín 2: Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Tuarascáil an Éascaitheora

| Ábhar: | Dáta/am: |
|---|---|
| Daoine i láthair | |
| Na príomhchinntí a rinneadh | |
| Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo | |
| Aon cheo eile? | |
| Éascaitheoir | |
| Dáta | |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment